2026/420

19.2.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/420 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Feabhra 2026

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Nollaig 2001, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001.

(2) An 29 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1578 ([2]). Bunaítear leis an Rialachán sin liosta nuashonraithe na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir leo.

(3) Chinn an Chomhairle gur ghlac na húdaráis inniúla de réir bhrí Airteagal 1(4) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES ([3]) cinntí i ndáil le heintiteas amháin a raibh baint aige le gníomhartha sceimhlitheoireachta de réir bhrí Airteagal 1(3) den Chomhsheasamh sin, agus gur cheart na bearta in Airteagail 2 agus 3 den Chomhsheasamh sin a chur i bhfeidhm maidir leis an eintiteas sin.

(4) Ba cheart liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir leo a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1578 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Feabhra 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA

([1]) IO L 344, 28.12.2001, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/2580/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1578 ón gComhairle an 29 Iúil 2025 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/206 (IO L, 2025/1578, 30.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1578/oj).

([3]) Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2001/931/oj).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1578, cuirtear an t-eintiteas seo a leanas léi faoin gceannteideal 'II. Grúpaí agus eintitis':

'23. "Islamic Revolutionary Guard Corps (Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí)".'.